Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0184

Comhaontú Comhair idir AE agus an Eilvéis: na Cláir Eorpacha um Loingseoireacht Satailíte

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Meán Fómhair 2025 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir leis na Cláir Eorpacha um Loingseoireacht Satailíte (07818/2025– C10-0087/2025 – 2012/0231(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (07818/2025),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir leis na Cláir Eorpacha um Loingseoireacht Satailíte (10505/2013),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 189 agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0087/2025),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A10-0146/2025),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Chónaidhm na hEilvéise.